C/2024/6122

11.10.2024

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 13 Bealtaine 2024

maidir le cinneadh de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925

Cás DMA.100042 – ByteDance – Seirbhísí fógraíochta ar líne

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2024) 3153)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2024/6122)

An 13 Bealtaine 2024 ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925 ([1]). *I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2022/1925, foilsíonn an Coimisiún ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas maidir le cosaint a rún tráchtála.*

1. RÉAMHRÁ

Leis an gCinneadh ón gCoimisiún ('an Cinneadh'), glactar le hiarraidh ar fhrisnéis ByteDance i ndáil lena chroísheirbhís ardáin le haghaidh fógraíocht ar líne TikTok Ads arna déanamh de bhun Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) 2022/1925 (an Gníomh um Margaí Digiteacha, 'DMA'). Cé go gcomhlíonann ByteDance na tairseacha dóchúla atá in Airteagal 3(2) DMA i ndáil le TikTok Ads, léirigh an anailís ar an bhfianaise nach tairseach thábhachtach é TikTok Ads ina aonar d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b) DMA. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh le hiarraidh ar fhrisnéis ByteDance i ndáil le TikTok Ads agus níor cheart ByteDance a ainmniú mar gheatóir de bhun Airteagal 3(2) DMA i ndáil le TikTok Ads.

2. NÓS IMEACHTA

An 1 Márta 2024, thug ByteDance fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 3(3), an chéad fhomhír, DMA, go gcomhlíonann sé na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA maidir lena sheirbhís fógraíochta ar líne TikTok Ads.

In éineacht lena fhógra, chuir ByteDance iarraidh ar fhrisnéis i láthair ina ndéantar iarracht a léiriú, cé go gcomhlíonann TikTok Ads na tairseacha go léir atá in Airteagal 3(2) DMA, nach gcomhlíonann sé na ceanglais a liostaítear in Airteagal 3(1) DMA. Measann an Coimisiún go bhfuil bunús leordhóthanach le hargóintí ByteDance agus go léiríonn siad, cé go gcomhlíonann TikTok Ads na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA, nach gcomhlíonann sé, ar bhonn eisceachtúil, na ceanglais a liostaítear in Airteagal 3(1)(b) agus (c) DMA mar gheall ar na himthosca ina n-oibríonn sé.

3. CREAT DLÍTHIÚIL

Leis an DMA bunaítear tacar de chritéir oibiachtúla atá sainithe go cúng chun ardán mór ar líne a cháiliú mar gheatóir. Tá ainmniú le déanamh i ndáil le croísheirbhís ardáin amháin nó níos mó ná sin a sholáthraíonn an gnóthas, ar croísheirbhísí ardáin iad atá ina dtairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) DMA. Chun a chinneadh an croísheirbhís ardáin a chomhlíonann an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b) DMA í seirbhís a sholáthraíonn gnóthas, is gá, mar réamhchéim, an tseirbhís i gceist a cháiliú agus a shonrú. Maidir le croísheirbhísí ardáin a cháiliú agus a theorannú, is critéir ábhartha í an chríoch dá n-úsáideann úsáideoirí deiridh nó úsáideoirí gnó nó an dá chineál úsáideoirí an tseirbhís.

De réir Airteagal 3(1) DMA, tá an Coimisiún le gnóthas a ainmniú mar gheatóir má chomhlíonann an gnóthas na trí cheanglas charnacha seo a leanas: (a) tá tionchar suntasach aige ar an margadh inmheánach; (b) soláthraíonn sé croísheirbhís ardáin atá mar thairseach thábhachtach ag úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh; agus (c) tá suíomh daingnithe marthanach aige ina chuid oibríochtaí nó tá sé intuartha go mbeidh suíomh den sórt sin aige go luath. Le hAirteagal 3(2) DMA leagtar síos toimhde go gcomhlíontar na ceanglais sin i gcás ina gcomhlíontar tairseacha cainníochtúla áirithe, go háirithe maidir le láimhdeachas nó caipitliú margaidh na cuideachta chomh maith leis an líon úsáideoirí deiridh agus úsáideoirí gnó atá ag croísheirbhís ardáin ar leith i ngach ceann de na 3 bliana airgeadais deiridh.

([1]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha), IO L 265, 12.10.2022, lch. 1.

De bhun Airteagal 3(5), an chéad fhomhír, DMA, gnóthas a chomhlíonann na tairseacha uile a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA, féadfaidh sé, lena fhógra, argóintí a chur i láthair chun a léiriú nach gcomhlíonann sé, go heisceachtúil, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3(1) DMA mar gheall ar na himthosca ina n-oibríonn an chroísheirbhís ardáin ábhartha, cé go gcomhlíonann sé na tairseacha uile sin. Foráiltear le hAirteagal 3(5), an dara fomhír, DMA, go bhféadfaidh an Coimisiún diúltú do na hargóintí a chuirtear isteach mura bhfuil bunús leordhóthanach leo toisc nach dtarraingíonn siad amhras go follasach ar na toimhdí a leagtar amach in Airteagal 3(2) DMA. I gcodarsnacht leis sin, má mheasann an Coimisiún gur leor an fhianaise a cuireadh isteach chun amhras a tharraingt ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 3(1) DMA, féadfaidh sé glacadh leis an bhfrisnéis nó imscrúdú margaidh a thionscnamh de bhun Airteagal 17(3).

4. MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN

Tar éis fógra a fháil ó ByteDance, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise agus tháinig sé ar an gconclúid gur croísheirbhís ardáin fógraíochta ar líne é TikTok Ads de bhun Airteagal 2 DMA.

Thairis sin, glacann an Cinneadh le frisnéis ByteDance i ndáil le TikTok Ads ar na cúiseanna seo a leanas:

Ar an gcéad dul síos, ar bhonn na hanailíse a rinneadh ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil, measann an Coimisiún go bhfuil scála measartha beag ag TikTok Ads i gcomparáid le scála foriomlán na ngníomhaíochtaí atá laistigh den chatagóir fógraíochta ar líne a bhaineann le croísheirbhísí ardáin san Aontas, agus i gcomparáid leis na príomhsholáthraithe seirbhísí fógraíochta ar líne san Aontas freisin.

Ar an dara dul síos, ar bhonn na hanailíse a rinneadh ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil, measann an Coimisiún gur tosca eile is mó an chúis nach bhfuil suíomh geatóra ag TikTok Ads.

Ar an gcéad dul síos, ní leithdháileann na fógróirí is mó caiteachais ar TikTok Ads ach sciar íseal dá gcaiteachas iomlán ar TikTok Ads agus is mar chuid thurgnamhach dá mbuiséad fógraíochta a úsáideann cion neamhdhiomaibhseach fógróirí ar TikTok Ads é. Ina theannta sin, measann fógróirí go bhfuil sé [tuairisc ar iompar comparáideach] toradh ar infheistíocht ar TikTok a fhíorú ná mar atá ar ardáin fógraíochta eile toisc nach dtairgeann sé roghanna fógraíochta ar fud iliomad maoine chéadpháirtí agus tríú páirtí. Ar an dara dul síos, measann fógróirí go bhfuil sé [tuairisc ar iompar comparáideach] fógraíocht a dhéanamh ar TikTok ós rud é go mbíonn cruthú físeáin saincheaptha i gceist leis de ghnáth seachas taispeáint fógraí meirge. Sa tríú háit, tá dúshlá[i]n t[h]ábhachtach[a] le sárú ag TikTok Ads, mar atá [tuairisc ar iompar fógróirí].

5. CONCLÚID

Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, glactar sa Chinneadh leis na hargóintí frisnéise a tharraing ByteDance anuas i ndáil le TikTok Ads.

Tá an chonclúid sin gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaidh an Coimisiún athmhachnamh nó leasú a dhéanamh ar an gCinneadh sin, de bhun Airteagal 4(1) DMA, i gcás ina mbeadh aon athrú substaintiúil ar aon cheann de na fíorais ar a bhfuil sé bunaithe, nó má bhí an Cinneadh seo bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach.